Droch-aimsir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin droch-aimsir sa tír ar ball beag. Ar dtús áfach, deán plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoi na scéalta nuachta seo a leanas:

Ganntanas uisce sa tír
Scoileanna na tíre a bheith dúnta
Cúrsaí taistil sa tír

Ceist 2 (a) Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach ar na focail thíos atá le cloisteáil inti. An dtuigeann tú féin nó an duine in aice leat iad?

- coiste éigeandála
  - a phlé
- údaráis áitiúla
- teorainn a chur le
  - taiscumair
  - foláireamh
- ag déanamh a ndíchill
- gnáthchleachtas
- cúinsí aimsire
  - ag leá

(b) Féachaigí ar an tuairisc anois - an féidir libh aon fhocal nach raibh ar eolas agaibh a fháil ón chomhthéacs?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair eile. An féidir leat a rá an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach? An aontaíonn an duine in aice leat le do rogha?

	Fíor nó Bréagach
1. Tháinig méadú 25% ar úsáid uisce i mBaile Átha Cliath.	
2. Tá foláireamh tugtha ag an rialtas uisce a chaitheamh.	
3. Ceapann Brian Cowen nach bhfuil daoine ag déanamh go leor chun an eacnamaíocht a chur chun cinn.	
4. Beidh na scoileanna ar fad dúnta ar feadh cúpla lá.	
5. Tá Aerfort Chorcaí oscailte tar eis a bheith dúnta ar feadh sé uair a chloig déag.	
6. Tá an sneachta ag leá, ach tá na bóithre sleamhain go fóill.	

Ceist 4 Líon na bearnaí leis an fhoirm cheart den bhriathar sna habairtí seo a leanas a bhí le cloisteáil sa mhír.

1. Bhí cruinniú ag coiste éigeandála an rialtais ar maidin le cúrsaí aimsire a _____. (pléigh)
2. Tá foláireamh tugtha ag an rialtas uisce a _____. (caomhnaigh)
3. Chonaiceamar go bhfuil a lán oibre á _____ ag na húdaráis áitiúla. (déan)
4. Agus cúrsaí aimsire ag _____chun feabhais inniu, d'fhógair an tAire Oideachais, Batt O'Keeffe go bhfillfí ar ghnáthchleachtais maidir le hoscailt scoile. (téigh)
5. Táthar ag _____ do phaisinéirí seiceáil leis na haerlínte maidir lena n-eitiltí. (mol)
6. Cé go bhfuil an sneachta agus leac oighir tosaithe ag _____. (leáigh)

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Conas mar atá an aimsir i do cheantar féin?
Cad is cúis leis an droch-aimsir seo, dar leat?
An síleann tú go bhfuil an rialtas ag déileáil go héifeachtúil leis na fadhbanna ar fad a bhaineann leis an drochaimsir?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi na scéalta nuachta seo.

Ceist 2

- emergency committee coiste éigeandála
- to discuss a phlé
- local authorities údaráis áitiúla
- to limit teorainn a chur le
- reservoirs taiscumair
- warning foláireamh
- doing their best ag déanamh a ndíchill
- normal practice gnáthchleachtas
- weather conditions cúinsí aimsire
- thawing ag leá

Ceist 3
1. Fíor.
2. Bréagach.
3. Bréagach.
4. Bréagach.
5. Fíor.
6. Fíor.

Ceist 4
1. Bhí cruinniú ag coiste éigeandála an rialtais ar maidin le cúrsaí aimsire a phlé.
2. Tá foláireamh tugtha ag an rialtas uisce a chaomhnú.
3. Chonaiceamar go bhfuil a lán oibre á dhéanamh ag na húdaráis áitiúla.
4. Agus cúrsaí aimsire ag dul chun feabhais inniu, d'fhógair an tAire Oideachais, Batt O'Keeffe go bhfillfí ar ghnáthchleachtais maidir le hoscailt scoile.
5. Táthar ag moladh do phaisinéirí seiceáil leis na haerlínte maidir lena n-eitiltí.
6. Cé go bhfuil an sneachta agus leac oighir tosaithe ag leá.

Ceist 5
Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile.

Droch-aimsir

Irene Ní Nualláin

Bhí cruinniú ag coiste éigeandála an rialtais ar maidin le cúrsaí aimsire a phlé. Tháinig méadú fiche cúig faoin gcéad ar úsáid uisce i mBaile Átha Cliath inné, agus tá sé údarás áitiúil sa chontae [1] ag cur teorann leis an méid uisce ar féidir a úsáid de bharr ganntanas uisce. Tuairiscítear nach bhfuil mórán uisce fágtha [2] i dtaiscumair ar fud na tíre agus nach raibh leibhéal an uisce chomh híseal riamh i gcuid acu. Tá foláireamh tugtha ag an rialtas uisce a chaomhnú.

Brian Cowen

Chonaiceamar go bhfuil a lán oibre [3] á dhéanamh ag na húdaráis áitiúla, a lán daoine chun na bóithre a choimeád oscailte agus go mbeadh daoine in ann saol eacnamaíochta na tíre a chur chun cinn in ainneoin na drochaimsire [4] atá againn. I mo thuairimse tá gach éinne ag déanamh a ndíchill chun go mbeimis [5] in ann dul ar aghaidh mar ba ghnáth.

Irene Ní Nualláin

Agus cúrsaí aimsire ag dul chun feabhais inniu, d'fhógair an tAire Oideachais, Batt O'Keeffe go bhfillfí ar ghnáthchleachtais maidir le hoscailt [6] scoile, is é sin go ndéanfaí an cinneadh go háitiúil ag brath ar chúinsí aimsire sa cheantar agus scoileanna a bhfuil sé ar a gcumas oscailt amárach gur cheart dóibh sin a dhéanamh.

Tá Aerfort Chorcaí oscailte arís tar éis a bheith dúnta ar feadh sé uair a chloig déag de bharr sneachta trom. Táthar ag moladh do phaisinéirí seiceáil leis na haerlínte maidir lena n-eitiltí. Agus, cé go bhfuil an sneachta agus leac oighir tosaithe ag leá, táthar ag moladh do dhaoine a bheith cúramach mar go bhfuil bóithre fós sleamhain in áiteanna. [7]

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[1] sa gcontae a deirtear
[2] fanta a deirtear
[3] obair a deirtear
[4] an drochaimsir a deirtear
[5] go mbeadh muid a deirtear
[6] le oscailt a deirtear
[7] in áiteacha a deirtear.